Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Meitheamh 2022**
**(OR. en)**

**10071/22**

**ESPACE 69**
**CFSP/PESC 756**
**CSDP/PSDC 351**
**TRANS 372**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 10 Meitheamh 2022 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9395/22 |
| Ábhar: | Cur chuige AE i leith bainistiú spástráchta<br>- Conclúidí ón gComhairle (a glacadh an 10/06/2022) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le 'Cur chuige AE i leith bainistiú spástráchta', a ghlac an Chomhairle ag an 3877ú cruinniú a bhí aici, a tionóladh an 10 Meitheamh 2022.

**IARSCRÍBHINN**

**Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le cur chuige AE i leith bainistiú spástráchta**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

AG MEABHRÚ DI AN MÉID A LEANAS

A. an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 22 Feabhra 2021[1] dar teideal *Action Plan on synergies between civil, defence and space industries* [Plean Gníomhaíochta maidir le sineirgí idir an tionscal sibhialta, an tionscal cosanta agus tionscal an spáis], ina bhfógraítear go gceapfar 'Straitéis an Aontais maidir le Bainistiú Spástráchta' mar thionscnamh suaitheanta;

B. conclúidí ón gComhairle an 26 Samhain 2021 maidir leis an 'Spás do Chách[2], ina n-aithnítear a thábhachtaí atá comhpháirt Fheasacht Staide an Spáis (SSA), lena n-áirítear Faireachas agus Rianú Spáis (SST), maidir leis an mbonneagar spáis atá ann cheana a chosaint, agus ina gcuirtear i bhfios go láidir an gá atá le leanúint leis an bplé maidir le Bainistiú Spástráchta ar an leibhéal polaitiúil, ar an leibhéal dlíthiúil agus ar an leibhéal teicniúil, agus gur gá gníomhaíochtaí a dhéanamh maidir leis an méid sin;

C. conclúidí ón gComhairle an 28 Bealtaine 2021 maidir le Spás Nua do Dhaoine[3], ina gcuirtear i dtreis a thábhachtaí atá sé cur chuige i leith bainistiú tráchta spáis a fhorbairt don Eoraip amach anseo agus caighdeáin dhomhanda a threorú agus ina n-aithnítear na deiseanna a eascraíonn as seirbhísí oibríochtúla réimse SSA , chun tacú le gníomhaíochtaí spáis sábháilte, slána agus inbhuanaithe agus chun an bonneagar spáis Eorpach a chosaint;

---

[1] COM (2021)70, an 22 Feabhra 2021.
[2] 14307/21.
[3] 8956/21.

D. conclúidí ón gComhairle an 11 Samhain 2020 maidir le treoshuíomhanna i ndáil leis an rannchuidiú Eorpach chun prionsabail lárnacha a bhunú don gheilleagar domhanda spáis[4], ina gcuirtear i bhfios go láidir an gá atá le cur chuige comhordaithe Eorpach méadaithe maidir le bainistiú an spástráchta (lena n-áirítear cur chuige teicniúil agus oibríochtúil), chun leasanna a chaomhnú, agus chun a infheistíochtaí príobháideacha agus poiblí sa spás a chosaint ar bhealach inbhuanaithe, agus ina luaitear gur díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil an tAontas Eorpach ag fiosrú an féidir glacadh leis na cearta agus na hoibleagáidí faoi Chonarthaí agus Coinbhinsiún ábhartha na Náisiún Aontaithe maidir leis an gCianspás a dhearbhú;

E. tuarascáil ón Uachtaránacht maidir le Bainistiú Spástráchta an 4 Samhain 2021[5], mar chéim chinniúnach ar an treochlár a d'fhormhuinigh an Chomhairle, ina gcuirtear i bhfios go láidir nach mór cur chuige AE i leith Bainistiú Spástráchta a cheapadh i gcomhréir leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh[6] agus, ag an am céanna, inniúlachtaí na mBallstát a urramú mar aon leis an rún atá acu a bheith i gceannas ar cheapadh, maoirseacht agus forfheidhmiú na rialacha maidir le bainistiú spástráchta.

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI an teachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála dar teideal 'Cur Chuige AE i leith Bainistiú Spástráchta - Rannchuidiú de chuid an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán domhanda'; IS DÍOL SÁSAIMH DI an sainmhíniú infheidhme ar bhainistiú spástráchta a mholtar sa teachtaireacht sin; agus MOLANN SÍ go n-úsáidfí an sainmhíniú sin mar bhunús don obair atá ar siúl faoi láthair ar leibhéal an Aontais agus chun rannchuidithe an Aontais le pléití inmheánacha a ullmhú;

2. AITHNÍONN SÍ go mbeidh dúshláin straitéiseach, iomaíochta agus nuálaíochta i gceist le bainistiú spástráchta agus gur fearr is féidir iad sin a ghleic nuair a dhéantar plé feabhsaithe agus gníomhaíochtaí comhbheartaithe idir na Ballstáit d'fhonn acmhainneachtaí, faisnéis agus dea-chleachtais a chomhroinnt;

[4] 12851/20.
[5] 13407/21 + COR1.
[6] Go háirithe Airteagail 4(3) agus 189.

3. CUIREANN SÍ I dTREIS gur gné ríthábhachtach é SSA chun rochtain uathrialach ar an gcianspás agus úsáid an chianspáis a choinneáil, agus go bhforálfar do bhunús láidir chun rang domhanda an Aontais agus na mBallstát a chaomhnú i measc na gcumhachtaí spáis má fhorbraítear agus má mhéadaítear cumais oibríochtúla na feasachta sin trí iarracht chomhpháirteach;

4. IS DÍOL SÁSAIMH DI an mheicníocht lenar féidir dul i gcomhairle le gach geallsealbhóir ábhartha san Aontas chun na riachtanais shibhialta agus chosanta le haghaidh cur chuige AE i leith bainistiú spástráchta a chomhiomlánú faoi thráth luath in 2023, agus sainiúlachtaí eitlíochta á gcur san áireamh óna dteastaíonn comhsheasmhacht a áirithiú le riachtanais bainistíochta aerthráchta; agus ADMHAÍONN SÍ nach mór a áirithiú go mbeidh cur chuige AE i leith bainistiú spástráchta comhsheasmhach le beartais an Aontais agus na mBallstát i réimsí na slándála agus na cosanta;

## I. Ár gcumais a neartú

5. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá uathriail an Aontais maidir le faireachán, maolú agus feabhsú na rioscaí sa spás, ón spás agus ionsar an spás, ionas go gcosnófar a chuid sócmhainní spáis chomh maith le sócmhainní na mBallstát agus ghnólachtaí an Aontais, agus go gcoinneofar, go fadtéarmach, rochtain Eorpach iontaofa uathrialach ar an spás agus ar úsáid shíochánta shlán inbhuanaithe an chianspáis;

6. CUIREANN SÍ I dTREIS gur fhorbair an tAontas agus na Ballstáit cumais oibríochtúla faireachais agus rianaithe spáis den chéad scoth cheana féin, trí fhorbairtí náisiúnta agus i dteannta chuibhreannas SST an Aontais agus an tionscail, lena gcuirtear seirbhísí oibríochtúla ardcháilíochta ar fáil, amhail seachaint imbhuailtí, anailís athiontrála agus bloghanailís, ar cheart cur chuige AE i leith bainistiú spástráchta a thógáil orthu;

7. MEABHRAÍTEAR DI go soláthraíonn cuibhreannas SST an Aontais seirbhísí seachanta imbhuailtí do bhreis agus 270 ceann de shatailítí institiúideacha, tráchtála agus míleata atá ar dáileadh in ísealfhithis dhomhanda, meánfhithis dhomhanda agus fithis gheochobhsaí, mar aon le seirbhísí athiontrála, lena dtugtar aghaidh ar an riosca do réimsí an aeir, an talaimh agus na mara a thagann as athiontráil réad neamhrialaithe, agus seirbhísí bloghta, lena n-áirítear faisnéis a sholáthar le déanaí maidir le bloghadh de thoradh an scriosta intinniúil neamhfhreagraigh a rinneadh ar shatailít neamhghníomhach, agus dá bhrí sin tá sé ag cur cheana féin le huathriail straitéiseach an Aontais agus cosaint sócmhainní an Aontais agus na mBallstát;

8. TACAÍONN SÍ leis an bhforbairt bhreise atá á déanamh ar chumais SSA sna réimsí SST, spás-aimsire agus réada neasdomhanda chun leibhéal is airde uathrialach straitéisí a bhaint amach; agus MOLANN SÍ go ndéanfaí measúnú ar na hinfheistíochtaí nach mór don Aontas a dhéanamh amach anseo;

9. MOLANN SÍ, chuige sin, an obair a dhéanfaidh chomhpháirtíocht SST an Aontais amach anseo a dhíriú ar:

   a. an gréasán braiteoirí a fheabhsú agus a optamú;

   b. na seirbhísí atá ann cheana féin a fheabhsú agus seirbhísí nua a cheapadh, amhail tacaíocht a thabhairt chun cruthú smionagair spáis a mhaolú agus chun feabhsú a dhéanamh;

   c. comhroinnt sonraí SST a fheabhsú agus luas a chur léi, lena n-áirítear trí bhíthin bunachar sonraí oibríochtúil an Aontais um fhaireachas agus rianú spáis;

   d. catalóg Eorpach de réada spáis, ar chatalóg é atá níos uathrialaí, a chur i dtoll a chéile agus a choinneáil;

10. AITHNÍONN SÍ an ról a bheidh ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis a dhéanfaidh feidhmeanna deasc tosaigh SST an Aontais;

11. MOLANN SÍ do chomhaltaí reatha chuibhreannas SST an Aontais agus do na Ballstáit leasmhara eile comhpháirtíocht nua SST a bhunú agus ag an am céanna an rialachas a choinneáil trédhearcach éifeachtúil luaineach; TACAÍONN SÍ leis an gcomhpháirtíocht nua SST, ina mbeidh róil agus freagrachtaí saincheaptha ag gach comhalta a bheidh bunaithe ar bhreisluach agus faoi réir sheachaint na dúbailte iarrachta neamhriachtanaí; TACAÍONN SÍ le cuimsiú inniúlachtaí breise na mBallstát in SST an Aontais, inniúlachtaí a d'fhéadfadh feabhas a chur ar na seirbhísí a chuirfidh an chomhpháirtíocht a bheidh ann amach anseo ar fáil; agus MOLANN SÍ go ndéanfaí machnamh ar chineál na comhpháirtíochta a bheidh ann amach anseo;

12. MOLANN SÍ don Choimisiún na dálaí a chruthú, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, le haghaidh tionscal agus éiceachóras gnólachtaí nuathionscanta san Aontas a bheidh inbhuanaithe, rathúil, nuálach agus iomaíoch, mar thaca le gníomhaíochtaí chomhpháirtíocht SST an Aontais a bheidh ann amach anseo agus chun na gníomhaíochtaí sin a chomhlánú; IS DÍOL SÁSAIMH DI go mbunófar fóram ina mbeidh tionscal an Aontais agus gnólachtaí nuathionscanta chun a áirithiú gurb ann do chrostoirchiú agus réitigh teicneolaíochta agus nuálaíochta d'fhonn iomaíochas an Aontais a chothú agus éiceachóras SST a chomhdhlúthú; agus MOLANN SÍ don Choimisiún, i dteannta thionscal an Aontais agus na ngnólachtaí nuathionscanta, measúnú margaidh críochnúil a dhéanamh ar sheirbhísí breisluacha;

13. MOLANN SÍ don chomhpháirtíocht SST Aontais a bheidh ann amach anseo, tar éis di dul i gcomhairle le tionscal an Aontais agus leis na gnólachtaí nuathionscanta, soláthar poiblí sonraí a chothú i gcomhréir le beartas sonraí feabhsaithe chun rannchuidithe tráchtála a ghiaráil agus soláthar na seirbhísí tráchtála a éascú ar seirbhísí iad a chomhlánaíonn na seirbhísí poiblí oibríochtúla nó a bheidh ag tógáil ar na sonraí ó na seirbhísí sin;

14. TACAÍONN SÍ le gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta i mBainistiú Spástráchta; agus MOLANN SÍ don Choimisiún gníomhaíochtaí sonracha a thionscnamh faoi chuimsiú an tionscnaimh CASSINI chun a áirithiú go ndéanfar gnólachtaí nuathionscanta Aontais a chaipitliú go leordhóthanach chun go mbeidh siad in ann leas a bhaint as a n-acmhainneacht iomlán nuálaíochta agus dul in iomaíocht le gníomhaithe atá ag fás go tapa ach nach gníomhaithe Aontais iad;

15. IS DÍOL SÁSAIMH DI an comhar leis an nGníomhaireacht Eorpach Spáis (GES) i mbainistiú spástráchta trína chuid gníomhaíochtaí i ndáil leis an méid a leanas: an aimsir sa spás, réada gar don domhan, maolú ar smionagar spáis lena n-áirítear bainistiú deireadh ré agus éicidhearadh, agus feabhsú ar smionagair spáis amhail seirbhísí infhithis, agus róil agus cúraimí comhfhreagracha an Aontais, na mBallstát agus GES á n-urramú agus dúbailt iarrachtaí neamhriachtanach á seachaint;

## II. Comhordú maidir le reachtaíocht agus caighdeánú a ghríosú

16. AITHNÍONN SÍ an ról a d'fhéadfadh a bheith ag an gCoimisiún maidir le comhordú a éascú idir iarrachtaí náisiúnta na mBallstát aghaidh a thabhairt ar reachtaíocht maidir le bainistiú spástráchta agus ar chaighdeánú, chun cóineasú na seasamh náisiúnta i ndáil le cur chuige AE i leith bainistiú spástráchta a chothú, gan dochar d'inniúlachtaí náisiúnta, go háirithe ról na mBallstát i bhforbairt, maoirseacht agus forfheidhmiú rialacha maidir le bainistiú spástráchta;

17. MOLANN SÍ go mbreathnófaí ar ionstraimí náisiúnta cuí a ghlacadh, a neartófar céim ar chéim, amhail treoirlínte, caighdeáin, rialacha nó reachtaíocht; agus IS DÍOL SÁSAIMH DI an togra le haghaidh bosca uirlisí a d'fhéadfadh cuidiú le haithint tacair coitinn de bhearta a d'fhéadfadh na Ballstáit a chur chun feidhme;

18. IS DÍOL SÁSAIMH DI an togra lena leasaítear fóram Aontais lena n-áiritheofar roinnt faisnéise éifeachtach agus comhordú feabhsaithe maidir le forbairt caighdeán agus treoirlínte idirnáisiúnta; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach mór go n-áireofaí san fhóram sin saineolaithe ábhartha ó na Ballstáit agus ón tionscal; MOLANN SÍ go ndéanfaí an saineolas náisiúnta a fhorbairt ar fud na mBallstát; agus IS DÍOL SÁSAIMH DI sainaithint na mbeart ar mó a dtionchar chun cur chun feidhme na dtreoirlínte agus na gcaighdeán idirnáisiúnta a bhaineann le bainistiú STM a dhreasú agus an idir-inoibritheacht á saothrú ag an am céanna;

19. MOLANN SÍ go n-áiritheofaí cur chuige comhleanúnach bunaithe ar mhargadh inmheánach a fheidhmíonn go maith, agus na rioscaí agus na tairbhí a bhaineann le reachtaíocht AE maidir le bainistiú spástráchta a fhorbairt i dtaca le hiomaíochas thionscal an Aontais agus i gcomhréir le hinniúlachtaí an Aontais agus na mBallstát faoi seach á gcur san áireamh go hiomlán; MEABHRAÍTEAR DI i ndáil leis sin nach mór cómhalartacht dhomhanda a bheith agus tacar oibleagáidí á fhorbairt ionas nach ndéanfar dochar d'iomaíochas thionscal agus ghnólachtaí nuathionscanta an Aontais;

20. TACAÍONN SÍ mar thosaíocht le treoirlínte maolaithe smionagair spáis a chur chun feidhme chun táirgeadh smionagair nua a theorannú a mhéid is féidir le linn saolré iomlán córais spáis, lena ndírítear ar bheartas um smionagar spáis nialasach; agus MOLANN SÍ go bhforbrófaí treoirlínte, caighdeáin nó rialacha chun ainlithe a chomhordú i gcás inar gá iad a dhéanamh chun imbhuailtí féideartha a sheachaint idir réada gníomhacha ar le hoibreoirí éagsúla iad;

**III. Glór an Aontais a neartú ar an ardán idirnáisiúnta**

21. MOLANN SÍ go gcuirfí comhroinnt idirnáisiúnta dualgas chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán domhanda an bhainistithe spástráchta trí rannchuidithe réigiúnacha amhail cur chuige AE maidir le bainistiú spástráchta, lena n-áirítear comhar, comhordú agus cumarsáid maidir le roinnt faisnéise agus soláthar seirbhísí a mhéid a bhaineann le bainistiú spástráchta;

22. IS DÍOL SÁSAIMH DI an obair atá á déanamh ag Coiste na Náisiún Aontaithe um Úsáid Shíochánta an Chianspáis (UNCOPUOS) agus ag a fhochoistí sin; IARRANN SÍ AR an Aontas agus ar na Ballstáit dlús a chur le cur chun feidhme na 21 treoirlíne uathrialacha maidir le hinbhuanaitheacht fhadtéarmach na ngníomhaíochtaí cianspáis agus na dtreoirlínte maidir le maolú smionagair spáis ón gCoiste Comhordúcháin Idirghníomhaireachta um Smionagair Spáis chomh maith, agus an taithí a fuair siad sa réimse seo a chomhroinnt; agus MOLANN SÍ do na Ballstáit go háirithe malartú tuairimí a bheith acu maidir leis an gcaibidlíocht atá ar siúl faoi láthair sa Mheitheal um Inbhuanaitheacht Fhadtéarmach i Vín;

23. MEABHRAÍTEAR DI an réamh-chomhaontú nach mór a bheith ann idir na Ballstáit, mar chéad chéim, chun seasamh aontaithe AE i leith bainistiú spástráchta a chur chun cinn le chéile i gcomhthéacs Eorpach níos leithne agus go hidirnáisiúnta, agus aird chuí á tabhairt ar leasanna na mBallstát agus leasanna thionscal an Aontais; MOLANN SÍ go bhforbrófaí, idir na Ballstáit, línte coiteanna a bheidh le glacadh ag an gCoimisiún agus ag an Ardionadaí chun tacú le cur chuige AE i leith bainistiú spástráchta, chun glór an Aontais a neartú sa phlé idirnáisiúnta a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le bainistiú spástráchta agus chun dul i dteagmháil leis na príomh-chomhpháirtithe agus le tríú tíortha, más iomchuí, gan dochar d'inniúlachtaí na mBallstát;

24. MOLANN SÍ don Aontas a dhearbhú go nglacann sé leis na cearta agus na hoibleagáidí faoi Chonarthaí agus faoi Choinbhinsiúin ábhartha na Náisiún Aontaithe maidir leis an gCianspás, go háirithe an Comhaontú Tarrthála, an Coinbhinsiún ar Dhliteanas agus an Coinbhinsiún Clárúcháin; agus MOLANN SÍ don Choimisiún na bearta is gá a cheapadh chun na hoibleagáidí a chumhdaítear sna Coinbhinsiúin sin a chur chun feidhme, go háirithe satailítí Galileo a chlárú.